Polasaí Obair Bhaile

RÉAMHRÁ

Is cuid lárnach den chaidrimh idir an scoil agus an baile í an obair bhaile. Tugann obair bhaile deis do thuismitheoirí monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn a bpáistí, trí úsáid a bhaint as an dialann obair bhaile agus trí chumarsáid a dhéanamh le múinteoirí. Is féidir le tuismitheoirí cuidiú go mór trí dhearcadh dearfach a chothú sa pháiste ó thaobh an obair bhaile de. Rinneadh an polasaí seo a dhréachtú ag na múinteoirí scoile, le hionchur tuismitheorí, agus cuireadh ansin faoi bhráid an Bhoird é.

RÉASÚNAÍOCHT

Tá sé riachtanach polasaí a threoraíonn obair bhaile a chumadh ag an phointe seo:

- Mar go bhfuil an scoil ag fás agus go bhfuil níos mó gá le tré-dhearcacht tríd an scoil uilig.
- Chun cumarsáid dhearfach baile/scoile a chur chun cinn.
- Chun go gcuirfeadh an obair bhaile le ráta foghlama an pháiste.
- Chun tuiscint a thabhairt do mhúinteoirí / ionadaithe faoin mhéid / ábhar obair bhaile a bheadh le tabhairt
- Chun obair ranga a dhaingniú.
- Soiléireacht a chur ar fáil maidir leis an mhéid ama atá molta fá choinne obair bhaile

GAOL LE SAINSPIORAD NA SCOILE

Tá sé mar fhís againn go mbeadh sé ar chumas gach páiste forbairt de réir a chumas féin. Spreagann obair bhaile daltaí chun a bheith ag obair go neamhspleách agus chun a bheith freagrach as a gceachtanna féin.

AIDHMEANNA AGUS CUSPÓIRÍ

Is iad príomhaidhmeanna an pholasaí seo ná ;

- Dul siar a dhéanamh ar obair scoile, agus an obair ranga a threisiú
- Neamhspleáchas agus freagracht a chothú sa pháiste
- Féin-mhuinín an pháiste a chur chun cinn trí obair indéanta a thabhairt don pháiste
- Dea-nósanna oibre agus féin-smacht a fhorbairt sa pháiste
- A chinntiú go bhfuil nósanna obair bhaile á gcur i bhfeidhm
- An nasc idir an baile agus an scoil a fhorbairt agus a dhaingniú.

CÉN UAIR A THUGTAR OBAIR BHAILE ?

- Tugtar obair bhaile do pháistí Dé Luain, Dé Máirt, Dé Céadaoin, agus Déardaoin. De ghnáth, ní thugtar obair bhaile ar an Aoine ach amháin í gcásanna nach raibh obair bhaile sásúil / déanta le linn na seachtaine nó b'fhéidir i gcás go mbeadh tionscadal ar leith ar siúl agus go mbeadh páistí in ann eolas a bhailiú ag an deireadh seachtaine.
- Ma tá páistí ag obair ar chlár tacaíochta ar leith m.sh. Reading Recovery, leanann siad ag obair ag an deireadh seachtaine de réir moltaí an chláir.
- D'fhéadfadh sé tarlú faoi dhiscréid an Phríomhoide nó an mhúinteoir ranga go mbeadh oíche shaor ó obair bhaile ag páiste/ páistí mar aithint ar dhea-obair nó ar ócáid speisialta.

- D'fhéadfadh sé tarlú go dtabharfar obair bhaile breise le linn na seachtaine / ag an deireadh seachtaine nó go bhfánfadh an páiste istigh ag am lóin dá mba rud é nach ndearna sé/sí obair bhaile, nó nár cuireadh iarracht isteach ina chuid obair bhaile.
- Muna ndéantar obair bhaile, déantar é a chur in iúl do thuismitheoirí agus breathnófar air mar bhriseadh rial scoile. (Féach An Dialann Scoile Lch 2 Riail 6)

CÁ FHAD A MOLTAR ?

Anseo thíos gheobhfar treoir faoin mhéid ama, ar an mheán, a mholtar caitheamh ar obair bhaile. Aithnítear nach gcaitheann achan pháiste an mhéid ama chéanna ar an obair chéanna. Beidh difear san am b'fhéidir ó lá go lá agus b'fhéidir idir tús agus deireadh na bliana. Tá sé tábhachtach béim agus luach a chur ar chaighdeán na hoibre chomh maith le hiarracht an pháiste a chur san áireamh, in ionad an bhéim iomlán a chur ar an mhéid obair bhaile a chríochnaítear. Glactar leis go mbeidh an t-am seo saor ó theilifís, cheol n aon chur isteach eile.

Naíonáin Bheaga	15 bomaite		Fuaimeanna, leabhar Béarla agus leabhar Gaeilge (Cléite) a léamh, ón Luan go Déardaoin.
Naíonáin Mhóra	15 bomaite	M.F. - Nollaig	Focail agus bileog oibre
	15 – 20 bomaite	Eanáir – Cáisc	Focail dolch, bileog oibre agus Léitheoireacht Gaeilge
	20 – 25 bomaite	Cáisc – Meith.	Focail dolch, bileog oibre, Léitheoireacht Gaeilge agus Béarla
Rang 1	20 –30 bomaite		Léitheoireacht Gaeilge agus Béarla Litriú Gaeilge agus Béarla, Dolch agus bileog oibre Mata Meabhrach 2/3 uair sa tseachtain
Rang 2	30 – 40 bomaite		Léitheoireacht Gaeilge agus Béarla Litriú Gaeilge agus Béarla, Táblaí agus bileog mata, Abairtí / bileog oibre Gaeilge nó Béarla Dolch Mata Meabhrach 2/3 uair sa tseachtain
Rang 3	30 – 45 bomaite		Léitheoireacht - Gaeilge agus Béarla Litriú Gaeilge agus Béarla, Táblaí agus ceisteanna mhata, Abairtí - Gaeilge/Béarla Mata Meabhrach 3 uair sa tseachtain
Rang 4	45 – 50 bomaite		Léitheoireacht - Gaeilge agus Béarla Litriú Gaeilge agus Béarla, Táblaí agus ceisteanna mata, Abairtí Gaeilge/Béarla, Mata Meabhrach 3 uair sa tseachtain
Rang 5	50 – 60 bomaite		Léitheoireacht - Gaeilge agus Béarla Litriú Gaeilge agus Béarla, Táblaí agus Mata Meabhrach Ceisteanna - Gaeilge & Béarla, Ábhar staidéir

Rang 6 50 – 60 bomaite Léitheoireacht - Gaeilge agus Béarla
Litriú Gaeilge agus Béarla,
Táblaí agus Mata Meabhrach
Ceisteanna - Gaeilge & Béarla,
Ábhar staidéir

ÁBHAR AN OBAIR BHAILE

Tá sé de chuspóir ag na múinteoirí go mbeadh cothromaíocht idir obair bhaile léitheoireachta, scríofa agus foghlamtha ag na páistí. Glactar leis nach féidir an chothromaíocht seo a bhaint amach i gcónaí agus go mbeidh éisceachtaí ann ó am go céile. Ag an am céanna tá sé tábhachtach a shoiléiriú go bhfuil an t-am caite ar léitheoireacht, tháblaí agus ar fhoghlaim chomh tábhachtach le hobair scríofa. I measc an obair bhaile a thabharfar do na páistí, beidh léitheoireacht, litriú, obair scríofa, táblaí, dathú, píosaí le foghlaim de ghlan mheabhair , agus eolas le bailiú nó obair ranga le críochnú.
Creideann tuismitheoirí, corruair, nach obair bhaile fhiúntach í an léitheoireacht nó an fhoghlaim de ghlan mheabhair, ach cuireann na múinteoirí an-bhéim ar an fhoghlaim seo. Moltar do na tuismitheoirí ról gníomhach a ghlacadh in éisteacht na léitheoireachta agus leis an obair bhaile foghlamtha chomh maith le béim a chur ar an obair scríofa.

CÉ MHÉAD CUIDIÚ AR CHÓIR DO NA TUISMITHEOIRÍ A THABHAIRT ?

Braitheann sé ar an pháiste agus ar an obair bhaile ach go príomha, is leis an páiste an obair bhaile. Moltar do thuismitheoirí tacaíocht a thabhairt;

- trí áit agus am atá fóirsteanach a leagadh amach don pháiste, agus trí ghearradh isteach cosúil le teilifís agus páistí eile a sheachaint.
- trí chlúdach plaisteach buí, de réir moladh na scoile, a chur ar an chóipleabhar obair bhaile
- suim a léiriú san obair agus comhrá / comhairle a dhéanamh faoi.
- éisteacht leis an léitheoireacht agus cómhrá a dhéanamh faoin ábhar, faoi phictiúr srl..Ní obair bhaile í “Léitheoireacht le Chéile” agus ba cheart é a fheiceail mar ghníomhaíocht speisialta idir an páiste agus an tuismitheoir.
- áiseanna tagartha a chur ar fáil má’s gá, m.sh. an suíomh scoile, foclóir, atlas, idirlíon,pinn luaidhe srl..
- trí neamhspleáchas oibre a chothú sa pháiste. Ba cheart go ndéanfadh an páiste an obair scríbhneoireachta as a stuaim féin.Má tá deacracht ag an pháiste is leor moltaí a thabhairt.
- má tá deacrachtaí le hobair bhaile mata, moltar go dtugann an tuismitheoir níos mó samplaí don pháiste agus go scríobhtar nóta míniúcháin sa dialann scoile.
- trí fhreastal ar chruinnithe churaclama, oícheanta eolais agus chruinnithe le múinteoirí.
- trí “Amharc-Abair-Clúdaigh- Scríobh- Seic” a chleachtadh go deireadh Rang 6 mar bhunchloch den mhodh foghlama litrithe.

CÉ CHOMH MINIC IS A CHEARTAÍONN MÚINTEOIRÍ OBAIR BHAILE ?

Dé ghnáth, is maith leis an mhúinteoir ranga an obair bhaile a cheartú go laethúil ach ar an droch uair, le ranganna móra níl sé i gcónaí indéanta. De réir mar a éiríonn an páiste níos sine agus ag obair go neamhspleách astu féin, déantar cuid den obair bhaile a cheartú gach dara lá nó uair sa tseachtain.Thig leis na paistí féin nó le páistí eile cuid obair bhaile a sheiceáil faoi threoir an mhúinteora. Is próiséas foghlama ann féin é seo.

CÁ HUAIR IS FEARR DON TUISMITHEOIR DUL I DTEAGMHAIL LEIS AN MHÚINTEOIR FAOIN OBAIR BHAILE ?

- Cuirtear nóta isteach sa dialann nuair nach bhfuil an páiste in ann obair bhaile a dhéanamh mar gheall ar chúis baile.

- Nuair nach bhfuil an páiste in ann obair bhaile a dhéanamh mar nach dtuigeann siad cuid de.
- Má tá an t-am caite ar obair bhaile i bhfad thar an t-am sna treoirlínte.

CÉ'N ORD A MHOLTAR TABHAIRT FAOIN OBAIR BHAILE ?

Moltar toiseacht le mata, ansin scríbhneoireacht, ansin léitheoireacht agus an obair a chaithfear a fhoghlaim de ghlan mheabhair a fhoghlaim ag an deireadh m.sh. táblaí, litriú, dánta srl..Tá a lán gníomhaíochtaí eile gur féidir leat a dhéanamh le do pháiste a chuideodh leis/léi m.sh.scéalta a léamh, athinsint a dhéanamh ar scéalta, liosta siopadóireachta a scríobh agus a chuntas, peinteáil… Gach mí, beidh suíomhanna idirlíne luaite sa nuachtlitir agus ar an suímh idirlín scoile don mhata agus don litearthacht, ina bhfuil gníomhaíochtaí sultmhara gur féidir le do pháiste a dhéanamh.

NÓSANNA IMEACHTA SCOILE CHUN TABHAIRT FAOI;

- Litriú Cur chuige Culligan
  Úsáid "amharc-abair-clúdaigh-Scríobh-Seic" ó Rang 1 – Rang 6
  Mol do pháistí scileanna staidear-focal a úsáid agus "triail a bhaint"as focail a litriú
  An bhfuil sé cosúil le focal eile atá ar eolas agat ?An bhfeiceann tú patrúin / rím? An bhfuil focal beag istigh san fhocal mór ? Focal staidéir.

- Scríbhneoireacht
  Mol do na páistí féincheartú litrithe a dhéanamh . An bhfuil na cinnlitreacha , lán-stadanna, comharthaí ceiste uilig ann ? Ar úsaid tú briathra suimiúla, aidiachtaí suimiúla ? Is foinsí iontacha é foclóir agus ciclipéid chun tacaíocht scríbhneoireachta a thabhairt.

- Léitheoireacht / Léitheoireacht le Chéile

1. Comhrá a dhéanamh faoin phictiúr, faoi cad a tharla go dtí seo.. cad a mheasann an páiste a tharlóidh agus cén fath, cé acu an carachtar is fearr leo….
2. Lig don pháiste scagadh gasta a dhéanamh chun focail "dheacra"a aimsiú agus cuidigh leis/léi iad a bhriseadh suas, a fhuaimiú amach.
3. Léifidh an páiste uair amháin an píosa dóibh féin, uair amhain do thuismitheoir agus uair eile do thuismitheoir /dhuine eile chun snás a chur air.
4. Cuir béim ar líofacht, agus ar bhrí a chur sa ghuth léitheoireachta.
5. Comhrá gairid a dhéanamh, "pioc amach an focal seo / an briathar is fearr leat / aidiacht gur féidir leat a úsaid i do scríbhneoireacht…i do bharúil an meaitseálann an pictiúr leis na focail (téacs) faoi ? déan tomhas cad é an chéad rud eile a tharlóidh sa scéal.."

- Mata
  Moltar teanga na matamaitice a úsáid sa bhaile.

1. Pléigh sa charr ..cé mhéad míle ó go .. ? Cad é an chéad bhaile eile ? Cé acu atá níos cóngaraí….nó ….? Ainmnigh na sráideanna / bailte ó Bhun Crannchа go…Leitir Ceanainn/ Doire/Malainn …Tabhair treoracha dom chun an siopa a bhaint amach ó do theach ? Cá fhad atá muid sa charr?
2. Cén t-am a thosaigh an clár teilifíse…má mhaireann sé 40 bomaite cén t-am a gcríochnóidh sé ? Cén t-am é ? Cén t-am a bhí sé nuair a d'fhág muid an teach ? Cá fhad a nglacann an turas ?(go scoil fiú).
3. Ag bacáil sa bhaile, lig do na páistí na scalaí agus an crúiscín a úsáid, cé mhéad graim atá ann, bhfuil sé lán nó folamh ? Déan tomhas, cé acu atá níos troime an mála plúir nó an t-im ?
4. Turas go dtí an siopa "…Ceannaigh X sa siopa domh.. Má bheirim €5 duit cé mhéad briseadh a gheobhaidh mé? Cé tá níos daoire / níos saoire X nó Y? Cuir an liosta siopadóireachta in ord costais ón rúd is daoire go dtí an rud is saoire srl.." Bain úsáid as an chatalóg Smiths chun bréagáin ar fiú €100 a "cheannach" duit féin.

5. Úsáid baile a bhaint as an Chéad Cearnóg, uimhirlínte agus cearnóg iolraithe atá sa dialann scoile.
6. Moltar cluichí (ar-líne) agus gníomhaíochtaí mhata atá sultmhar agus ábharthach a chleachtadh go minic. Déan tagairt don suíomh scoile.

Moltar aireamháin a sheachaint go hiomlán ach amháin chun freagraí a sheiceáil.

- Dolch

Seo a leanas treoir chun na focail Dolch a theagasc

1. Amharc ar an fhocal
2. Abair an focal
3. Cuir in abairt é.
4. Cuir in abairt é
5. Scrúdaigh an focal agus dírigh isteach ar an chuid de atá deacair, mar shampla "wh" i "when" agus amharc d'fhocail eile taobh istigh den fhocal m.sh."hen" i "when".
6. Tarraing le do mhéar é sa ghaineamh / ar an tábla/ ar dhroim Mamaí
7. Druid do shúile agus samhlaigh é
8. Thig cluichí cosúil le "snap, biongó, tiontaigh agus abair" a imirt chun na focail a thréisiú.
9. Cuir in abairt an focal

- Tablaí

Cáirt bhalla don chistin agus tagairt a dhéanamh di go minic. Cluichí tablaí ar-líne (faigh moltaí ón mhúinteoir agus ón suíomh scoile)

Dul siar a dhéanamh go min-minic….in éadan an chloig, in éadan tuismitheoirí !

- Peannaireacht /Peannaireacht Reatha

Ná lig do na páistí peannaireacht reatha nó a stíl féin peannaireachta a úsáid gan chead múinteora (fiú ar chartaí breithlae, notaí srl…) Go minic foghlaimíonn paistí droch- chleachtais peannaireachta atá cruthaitheach ach nach bhfuil inmholta.

An bhfuil tú sásta gur úsáid do pháiste a p(h)eannaireacht is fearr ? ..le spásanna, poncaíocht srl..

An bhfuil an cóipleabhar néata agus glan ?

Rinne an Bord Bainistíocha daingnú ar an pholasaí seo: *30ú Eanáir 2013*

Siniú an Chathaoirligh: ***Colm Ó Tuathalain*** *20 / 02 / 2013*

Rinneadh athbhreithniú agus leasú ar an pholasaí seo :

Aibreán 2016
agus arís i Meán Fómhair 2017